



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

State Examinations Commission

Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Telephone: +353-90-644 2741. Fax: +353-90-647 3080. Web: www.examinations.ie. E-mail: orals@examinations.ie

S71/11

Chuíg: Údaráis na nIarbhunscoileanna agus Múinteoirí Gaeilge agus Scoláirí Gaeilge

Gaeilge na hArdteistiméireachta 2012: Scrúdpháipéir agus Dlúthdhioscaí Samplacha

Méadófar riar na marcanna don Béaltrial i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta 2012 agus ina dhiadh sin. Le cuidiú le scoileanna ina gcuid ullmhúchán do scrúduithe 2012 tá scrúdpháipéir shamplacha iniata leis an litir seo, scrúdpháipéir réitithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS). Tá soláthar na n-ábhar seo a leanas iniata:

Ardleibhéal: Páipéar 1 (An Chluastuisicint mar chuid de), Páipéar 2 agus dlúthdhiosca*

Gnáthleibhéal: Páipéar 1 (An Chluastuisicint mar chuid de), Páipéar 2 agus dlúthdhiosca*

Bonnleibhéal: Páipéar (An Chluastuisicint mar chuid de) agus dlúthdhiosca

*Comónta don Ardleibhéal agus don Gnáthleibhéal

Is iad seo leanas na hathruithe is mó ar na scrúdpháipéir shamplacha:

- Ní seisiún neamhspleách scrúdaithe é an Chluastuisicint feasta, ach tá sí anois mar chuid chomhtháite den Pháipéar Bonnleibhéil agus mar chuid de Pháipéar 1 ag an Ardleibhéal agus an nGnáthleibhéal.
- Tosófar leis an gCluastuisicint ag an mBonnleibhéal agus ag Páipéar 1 Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal.
- Tá laghdú ar an am a bheidh ar fáil don Chluastuisicint.

Meabhraítear do mhúinteoirí agus do scoláirí go bhfuil eolas maidir leis an siollabas, agus leis na nuashonruithe a rinneadh air le déanaí, ar fáil ar www.examinations.ie faoi **Eolas faoi Scrúduithe faoi An Scrúdú Gaeilge san Ardteistiméireacht ó 2012 ar aghaidh:**

- Ciorcalán CSS S.90/10: *An Scrúdú Gaeilge san Ardteistiméireacht ó 2012 ar aghaidh*
- Ciorcalán ROS 0042/2007: *Athruithe ar riar na marcanna don Bhéaltriall Ghaeilge sna Scrúduithe Teistiméireachta*
- Ciorcalán ROS 20/2010: *Cúrsa leasaithe litríochta le cur faoi scrúdú i 2012, i 2013 agus i 2014*
- Ciorcalán ROS 71/2010: *Siollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta le héifeacht ó 1.9.2010*

Ar mhaithe le héascaíocht tá cuntas ar na hathruithe ar riar na marcanna do na comhpháirteanna éagsúla den scrúdú Gaeilge san Ardeistiméireacht, - scríobh, éisteacht agus labhairt - le fáil in Aguisín leis an litir seo. Taobh amuigh de na hathruithe a bhaineann leis an litríocht, athruithe a fógraíodh in Imlitir 20/2010, níl aon athrú ar an siollabas. Fanfaidh an siollabas seo mar bhunchloch leis an múineadh, leis an bhfoghlaim agus leis an measúnú

Iarrtar le do thoil aird mhúinteoirí agus scoláirí Gaeilge na hArdeistiméireachta a dhíriú ar an litir seo agus ar na hábhair shamplacha a ghabhann léi. Tá teacht ar na hábhair shamplacha ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, www.examinations.ie.

Andrea Feeney
Stiúrthóir, Rannóg na nOibhriúchán & Teichneolaíocht na Faisnéise
Deireadh Fómhair

Aguisín

Athruithe ar riar na marcanna do Ghaeilge i scrúdú na hArdeistiméireachta ó 2012 ar aghaidh

	Sean			Nua		
	Béaltrial	Cluastuisicint	Scríofa	Béaltrial	Cluastuisicint	Scríofa
Gnathleibhéal	20%	25%	55%	40%	10%	50%
Ardleibhéal	25%	16.7%	58.9%	40%	10%	50%
Bonnleibhéal	25%	30%	45%	40%	20%	40%